

Ceatharlach 800



# Caisleán Ceatharlach


Dún Meánaoiseach ar an mBearú  
leis an Dr Margaret Murphy



## RÉAMHRÁ

Tá a bhfuil fágtha de Chaisleán Cheatharlach le feiceáil ar shuíomh nó ar thulán ardaithe a bhfuil a aghaidh síos ar chumar na Bearú agus na Boirne i mBaile Cheatharlach. Tógadh an caisleán go luath sa tríú céad déag agus baineadh trí chineál úsáide as - lárionad riaracháin, daingean míleata agus áit chónaithe. D'fhás baile Cheatharlach faoi chosaint faoina scáth sa tréimhse mheánaoiseach. Bhain tábhacht leis an gcaisleán sna Meánaoiseanna nuair a lonnigh agus nuair a chuir na Normannaigh chun saothraithe i ngleann na Bearú. Ba ann ar feadh scaithimh a bhí státchiste na hÉireann, an roinn ba thábhachtaí a bhain le riarachán na hÉireann ag na Sasanaigh. Bhí baint mhór ag an gcaisleán le hÉirí Amach Chill Dara, le hÉirí Amach 1641 agus le Cogáí Chromail.

Ligeadh an caisleán amach ar léas le duine áirithe, an Dr Middleton, go luath sa naoú céad déag, ach cuireadh drochbhail ar an gcaisleán mar nach raibh a fhios aigesean cé mar ba chóir ábhar pléascach a úsáid i gceart. Níl tagtha slán ach an balla maorga thiar agus dhá cheann de na ceithre thúr coirnéil. Níor bacadh leis an gcaisleán ar feadh i bhfad ach thug an Dr Kieran O'Connor faoina thochailt ar son Oifig na nOibreacha Poiblí sna 1990idí agus ansin rinneadh séadchomhartha náisiúnta de.



Suíomh an chaisleáin agus bhaile meánaoiseach Cheatharlach. Foinshe: A. Horner, 'Two eighteenth-century maps of Carlow town' Proc. of the Royal Irish Academy, 78 (1978).

Tá an t-achar is dóichí a bhí faoi bhaile múrtha meánaoiseach Cheatharlach agus an suíomh a d'fheilfeadh do gheataí an bhaile a luaitear i ngníomhais ón ochtú céad déag le feiceáil ar an bplean seo.

## CAISLEÁN CRÉ AGUS ADHMAID AR DTÚS


Níorbh é an caisleán cloiche an chéad chaisleán a bhí ag na Normannaigh anseo cois abhann. Thaispeáin na tochailtí a rinneadh sna 1990idí go raibh daingean cré agus adhmaid ann roimhe sin. De réir gach cosúlachta ba mhóta é, a tógadh feadh luí nádúrtha an tuláin a raibh a mhullach á roinnt ina dhá bharda ag díog agus pailis. Fuarthas a raibh fágtha d'áith arbhair ann agus thug sé sin le tuiscint go mbíodh gníomhaíochtaí feirmeoireachta ar bun i gcuid nó i bharda amháin.

Tá an argóint áititheach déanta ag Kieran O'Connor, an tochtaltóir, gur thóg Aodh de Léis, ina cháil dó mar 'Choimeádaí na hÉireann' an daingean cré seo thart ar 1180 do John de Clahull a raibh an talamh go léir 'between Oboy and Leighlin' tíolactha dó ag Strongbow, Tiarna Laighean. Choinnigh de Clahull an caisleán go dtí an chéad deich mbliana den tríú céad déag tráth a ndeachaigh sé i bhfrithdhílse chuig an Tiarna Laighean an athuir.

# BUILLE FAOI THUIRIM

## Buille faoi Thuairim faoi leagan amach Chaisleán Cheatharlach ina chúla nádúrtha (le Uto Hogerzeil)

B'iontach go deo an chosaint a thug an timpeallacht nádúrtha don suíomh. Bhí uisce thart timpeall ar thrí thaobh den tulán agus ba dheacair teacht isteach air ón gceathrú taobh mar gur riasc a bhí ann (tugadh An Móinín air ina dhiaidh sin). I ndáiríre, ba chaisleán istigh ar oileán é. Tá Geata an Chaisleáin trína dtéití isteach go baile meánaoiseach Cheatharlach marcáilte ar bharr na léaráide ar dheis. Bhíodh cabhsa idir an baile agus an caisleán agus d'fhéadtaí dul chomh fada leis an droichead a bhíodh trasna na Bearú ón gcabhsa sin.



San obair a rinne an t-ealaíontóir feictear go bhfuil droichead adhmaid trasna na Bearú. Ní léirítear go soiléir in aon tagairt dhoiciméadach go dtí an seachtú céad déag go raibh droichead anseo ach tá droichead cloiche trasna na Bearú agus droichead adhmaid trasna na Boirme marcáilte ar léarscáil an Down Survey ón gcéad sin. Is é is dócha, áfach, go raibh droichead adhmaid trasna na Bearú sa mheánaois dhéanach. Tá fianaise mhaith ann go raibh túr, ar a dtugtar Caisleán an Fhaoitigh, ar an taobh thall den abhainn.

Sa mheánaois, d'fhéadtaí An Bhearú a sheoladh ó Cheatharlach ó dheas go dtí Ros Mhic Thriúin agus ó thuaidh chomh fada le Baile Átha Í. D'fhéadtaí an farrasbarr arbhair agus olla a chur síos le habhann ar bháid lena onnmhairiú as Ros Mhic Thriúin, calafortrathúilarbh é Liam Marascal a bhunaigh é. Sheoltaí earraí allmhairithe mar shampla fíon agus salann suas le habhann lena soláthar do bhailte cosúil le Ceatharlach.

## AN CAISLEÁN CLOICHE




An Poll Adhmaid Crosdealbhach sa túr thiar theas

Tógadh caisleán cloiche i gCeatharlach i mblianta tosaigh an tríú céad déag san áit a mbíodh an daingean cré. Glactar leis go coitianta gurbh é Liam Marascal, cliamhain Strongbow, a thóg Caisleán Cheatharlach agus is í an tréimhse idir 1208 agus 1213 atá luaite leis an tógáil. Tá na poill adhmaid chrosdealbhacha atá sa túr thiar theas cosúil leis na cinn atá i gCaisleán Chepstow sna codanna den chaisleán sin sa Bhreatain Bheag ar thóg Marascal an athuair iad sna 1190idí. Baineann Caisleán Cheatharlach le roinnt bheag de na chéad chaisleáin a tógadh le cloch agus ar a dtugtar 'daingin na gceithre thúr'. Cruth dronuilleoige atá ar na caisleáin seo agus tá túir chruinnbhloc shorcóireacha ar a gcoirméil. Bhíodh caisleáin den chineál seo in Iarthar na Fraince sa tréimhse úd agus b'fhéidir gur chuir Liam Marascal, a raibh formhór a shaoil fásta caite aige sa Fhrainc, tús leis an nós in Éirinn.

2.7 méadar an tiús a bhí sna ballaí a tógadh ar bhunbhalla ar claonadh agus fuarthas amach le linn na tochairte nach raibh aon bhunsraith faoin daingean. Chothromaigh na tógálaithe dromchla an tuláin agus ba é an tuiscint a bhí acu go bhféadfadh an dromchla cothromaithe sá síos na mballaí móra millteacha a thógáil. Dhá stór ar airde a bhí an chéad fhoirgneamh a tógadh agus bhí cuid éigin ar a laghad de na ballaí amuigh níos airde ná an díon.

Bhíodh staighrí cloiche daingnithe istigh sna codanna tiubha den bhalla thiar agus ba díobh sin a théit isteach ar an urlár íochtarach agus ar an urlár uachtarach agus suas ar an díon. Adhmaid a bhíodh sna hurláir agus sa díon. Bhíodh doras sa bhalla thuaidh, gar d'uillinn an túir ar an taobh thiar thuaidh, agus b'shin é an bealach isteach sa chaisleán.



Bonnchló Urlár Talún an Chaisleáin. Foinse: H. Leask, Irish Castles and Castellated Houses. (Dundalk, 1941)

## LÁRIONAD RIARACHÁIN

I mblianta deireanacha an tríú céad déag tháinig muintir Bigod, Iarlaí Norfolk, i seilbh Chaisleán Cheatharlach. Bhí sé mar lárionad acu chun tailte a bhí acu ar fud Chontaetha Cheatharlach, Loch Garman agus Chill Dara a riar. Taispeánann doiciméid ó na 1280idí gur chosain sé go leor an caisleán a choinneáil i gcaoi mhaith. Ceannaíodh lear mór cineálacha éagsúla adhmaid le haghaidh an dín, gan trácht ar an luaidhe agus ar na céadta táirne. Déantar tagairt sna cuntais don 'seanhalla' - a bhíodh cóngarach don chaisleán agus ina mbíodh na cúirteanna ina suí - agus freisin don chistin a bhíodh istigh i gceann de thúr an chaisleáin. Istigh sa chaisleán a bhíodh an 'halla mór' agus 'teach an státchiste' freisin. Ó tharla dhá leithreas (losán) a bheith sa bhalla thiar tá sé le tuiscint go mbíodh an chéad urlár roinnte ina dhá sheomra ar leith.

I gcur síos a rinneadh i mblianta tosaigh an cheathrú céad déag deirtear go raibh an díon a bhí ar an gcaisleán agus ar an halla os comhair an chaisleáin go dona. Ghlac coróin Shasana seilbh air, agus cheap sí constáblaí chun dul i mbun chúram laethúil an chaisleáin agus an gharastúin a bhí ann. Nuair a bogadh Státchiste na hÉireann go Ceatharlach sna 1360idí b'éigean oibreacha móra a dhéanamh chun an caisleán a dheisiú agus a fhadú. D'fhéadfadh sé tarlú gur cuireadh an tríú stór leis an gcaisleán sna blianta úd. Cuireadh feabhas suntasach ar na córacha cosanta thart ar an gcaisleán agus, de réir mar a thugann foinse amháin ó na meánaoiseanna le fios, tugadh amach £500 chun balla a chur thart ar bhaile Cheatharlach.

D'ainneoin gach ar caitheadh ar an gcosaint, bhí Ceatharlach fós i mbaol ó ionsaithe ó Mhuintir Mhic Mhurchú ar an taobh theas agus ar an taobh thoir agus ó Mhuintir Uí Mhordha ar an taobh thiar.

# BUILLE FAOI THUIRIM

## Buille faoi Thuairim faoi leagan amach Chaisleán Cheatharlach ag teannadh le deireadh an cheathrú céad déag (le Uto Hogerzeil)


Tá an léaráid seo bunaithe ar a bhfuil ina seasamh fós den chaisleán agus ar fhianaise dhoiciméadach a bhaineann leis an bhfoirgneamh agus leis an gceantar máguaird. Tá lear mór tagairtí ann d'fhoirgneamh adhmaid ar a dtugtaí an halla nó an 'seanhalla', a thaispeántar anseo suite le taobh an chaisleáin in áit a mbíodh bábhún in aice láimhe agus díog agus pailis adhmaid thart air. B'éigean droichead a thrasnú chun dul isteach sa chaisleán ón mbábhún seo. Déantar tagairt don droichead sna doiciméid freisin. Taispeántar áit eile freisin - 'bábhún amuigh', agus pailis adhmaid thart air. Níorbh fholáir a bheith san airdeall go seasta chun na córacha cosanta adhmaid a choinneáil i gcaoi mhaith. Luaitear i bhfoinsí ó na 1360idí gur tógadh teach taobh istigh d'imbhalla an chaisleáin. Níl giota ar bith den imbhalla seo fágtha ach is éard a déarfadh an t-ealaíontóir go mb'fhéidir go mbíodh sé gar do dhaingean an chaisleáin, buailte in aghaidh thaobhanna an tuláin ardaithé. Caisleán trí stór atá le feiceáil ar an léaráid mar gur luadh gur cuireadh an tríú stór leis ag teannadh le deireadh an cheathrú céad déag mar chóiríocht don státchiste



agus do na hoifigigh agus na cléirigh riaracháin a bhíodh ann. Níl an bealach isteach sa chaisleán le feiceáil ar an léaráid mar gur sa bhábhún istigh a raibh a aghaidh ó thuaidh a bhíodh sé. Ar an gcéad urlár a bhíodh sé agus ba staighre adhmaid a bheadh suas chuige. Bhíodh díon adhmaid an chaisleáin níos ísle ná na túir agus bhíodh deis acu siúd a bhíodh ag gardáil an chaisleáin dul anonn is anall mar go mbíodh siúlánbarrbhalla ann. Bhíodh príosún sa chaisleán freisin agus is dealraitheach gur thíos ar urlár na talún, áit gan fuinneog air, sa túr thiar thuaidh a bhíodh sé. B'annamh a áitíú urláir na talún i gcaisleáin mheánaoiseacha agus ba le haghaidh stórais ba mhó a bhaintí úsáid astu. Nuair a bhí na tochairtí á ndéanamh ar Chaisleán Cheatharlach fuarthas iarsmaí de thobar sa choirnéal thoir thuaidh d'urlár na talún. Luaitear i bhfoinsí doiciméadacha ó na 1360idí gur tógadh teach taobh istigh d'imbhalla an chaisleáin agus is éard a déarfadh an t-ealaíontóir go mbíodh an t-imbhalla gar don daingean, buailte in aghaidh thaobhanna an tuláin ardaithé. Níl lorg ar bith d'imbhalla le feiceáil ar an léaráid seanda den chaisleán mar sin ní féidir ach buille faoi thuairim a thabhairt faoin áit ina mbíodh sé agus faoina chruth.

# CONCLUÍD

Aistríodh an státchiste amach as an gcaisleán agus ar ais go Baile Átha Cliath sa bhliain 1394 mar go raibh na Gaeil as na ceantair máguaird tar éis ionsaithe a dhéanamh air. Bhí deireadh le ré Cheatharlach mar phríomhchathair riaracháin na hÉireann. Leanadh ar aghaidh ag úsáid an chaisleáin mar dhún teorann láidir agus d'fhan sé i seilbh na corónach nó na ndaoine úd a bhí dlís don choróin go dtí deireadh an chúigiú céad déag. Bhain tuilleadh ceannairce fós le stair an chaisleáin ina dhiaidh sin. Nuair a bhí Éirí Amach 1641 ar bun tugadh dídean sa chaisleán do lonnaitheoirí Sasanacha a bhí ag teitheadh ón troid a bhí ag tarlú amuigh faoin tír agus sa bhliain 1647 ghabh Lucht na Comhdhála an chaisleán. Ba é Ceatharlach an baile deiridh sa taobh ó dheas de Chúige Laighean leis an bhfód a sheasamh in aghaidh fhórsaí Chromail in 1650 agus níor géillleadh go dtí go raibh gunnaí móra an Ghinearáil Ireton suite os a chomhair amach.



Pictiúr de Chaisleán Cheatharlach in 1804 le Daniel Grose Atáirgthe le cead Chartlann Ailtireachta na hÉireann

## AN TÚDAR

Is léachtóir le Stair i gColáiste Cheatharlach (Coláiste Phádraig) í an Dr Margaret Murphy. Tá sí ag ullmhú cuid Cheatharlach d'Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann.

Tionscnamh de chuid Chomhairle Baile Cheatharlach ba ea Ceatharlach 800 a bhí ar siúl chun tógáil Chaisleán Cheatharlach agus bunú baile a bhfuil saol cultúrtha, cruthaitheach agus sóisialta beo bríomhar ann anois a chomórath agus a cheiliúradh.

Bíonn saorchead isteach chuig fothracha Chaisleán Cheatharlach ó cheann ceann na bliana agus tá plaiceanna agus cláir eolais leagtha amach thart timpeall ar an gcaisleán chun léargas a thabhairt don chuirteoir ar stair an Chaisleáin.

Séadchomhartha Náisiúnta is ea Caisleán Ceatharlach agus tá sé faoi Chúram an Stáit, Uimhir: 306. Tugann comhpháirtíocht idir Sheirbhísí na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí aire do na séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an stáit.

## NÓTA BUÍOCHAIS

Ba mhaith leis an údar buíochas a ghlacadh leo seo: An Clr. Eileen Brophy, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach agus Comhaltaí Chomhairle Baile Cheatharlach a rinne an forlónadh seo a choimisiúnú; Michael Brennan, Cléireach an Bhaile; Uto Hogerzeil maisitheoir ábhar stairiúil; an Dr Arnold Horner; Diarmuid Ó Maolagáin, Iarsmalann Contae Cheatharlach; Martin Nevin, Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach; an Dr Kieran O'Connor, OÉG; Pat O'Neill, Uachtarán Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach; Eileen O'Rourke, Turasóireacht Cheatharlach.

## TUILLEADH ÁBHAR LÉITHEOIREACHTA

Bunbury, Turtle 2013 *800 years of an Irish Castle*. Coimisiúnaithe ag Comhairle Baile Cheatharlach

Connolly, Philomena 2008 'The head and comfort of Leinster': Carlow as the administrative capital of Ireland, 1361-1394' in Thomas McGrath (ed.) *Carlow History and Society*. Dublin, lch 307-330.

Leask, Harold 1973 *Irish Castles and Castellated Houses*. Dundalk.

McNeill, T.E. 1997 *Castles in Ireland – Feudal power in a Gaelic world*. London.

Mills, James 1892 'Accounts of the earl of Norfolk's estates in Ireland, 1279-94' *JRSAI*, 22, lch 50-62.

Nugent, W.F. 1955 'Carlow in the Middle Ages' *JRSAI*, 85, 62-76.

O'Connor, K.D. 1997 'The origins of Carlow Castle' in *Archaeology Ireland* 11(3), 13-16.

O'Connor, K.D. 1998 'Castle of Carlow' in *Carloviana*, 46, lch 37-42.

Níl an t-ábhar atá sa bhróisiúr seo le táirgeadh ná le díol mar ábhar priontáilte nó go leictreonach gan cead a bheith faighte ó na daoine ar leo na cóipchirt ábhartha lena n-áirítear an Dr. Margaret Murphy, Comhairle Baile Cheatharlach agus ó na daoine aitheanta ar leo cóipchirt na léaráidí agus na ngrianghraf a seoladh isteach lena n-úsáid san fhoilseachán seo.



Fuarthas deontas i gcabhair don tionscadail seo ó Chomhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teo. faoin gClár Forbartha Tuaithe 2007 – 2013 arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe: An Eoraip ag infheistiú i gCeantair Tuaithe